## Bileog 1.8 Áiseanna

**Duine A**
Seo thíos an ceantar a bhfuil tú i do chónaí ann. Déan cur síos air don duine in aice leat ag úsáid na bhfocal ar dheis.



sliabh/sléibhte
abhainn/aibhneacha
loch/lochanna
páirc/páirceanna
cnoc/cnoic
oileán/oileáin
trá/tránna



**Pléigh leis an duine in aice leat: Cad iad na focail eile atá ar eolas agat le cur síos a dhéanamh ar cheantar faoin tuath nó sa chathair?**

---

**Duine B**
Seo thíos an ceantar a bhfuil tú i do chónaí ann. Déan cur síos air don duine in aice leat ag úsáid na bhfocal ar dheis.



ionad siopadóireachta
ionad aclaíochta
siopa físeán
siopa búistéara
bácús
siopa poitigéara
siopa nuachtán
siopa grósaera



**Pléigh leis an duine in aice leat: Cad iad na focail eile atá ar eolas agat le cur síos a dhéanamh ar cheantar faoin tuath nó sa chathair?**

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 1.9 Tuairimí faoi do cheantar

(a) Beidh tú ag léamh píosa as www.beo.ie a scríobh Deirbhile Ní Churraighín faoina ceantar dúchais. Seo cuid den stór focal a bheidh sa phíosa. Bí ag obair leis an duine in aice leat - an féidir libh na frásaí Gaeilge ar chlé a cheangal leis na haistriúcháin Bhéarla ar dheis?

| | |
|---|---|
| níos cóngaraí de mo chroí | *the Steps* |
| is iomaí uair | *in the bog* |
| a d'éalaigh mé | *that I escaped* |
| na céimeanna | *nearer my heart* |
| sa phortach | *return* |
| thar lear | *in my memory permanently* |
| go buan i mo chuimhne | *it is often* |
| pilleadh | *abroad* |

**Féach ar na focail bheaga –**
***sa/na/i mo* le cuidiú libh**



(b) Anois léigh an píosa os ard leis an duine in aice leat.



Is beag áit atá níos cóngaraí de mo chroí ná áit ar bith eile, ach amháin trá Mhálainn Bhig i nGleann Cholm Cille lá breá samhraidh, b'fhéidir. Is iomaí uair a d'éalaigh mé síos na céimeanna sin agus a chaith mé lá iomlán ar an trá nuair a bhí súil liom áit éigin eile - sa phortach, mar shampla. Le cois Málainn Bhig, tá cúpla áit eile in Éirinn agus thar lear a fhanfaidh go buan i mo chuimhne agus a bhfuil fonn orm pilleadh orthu san am atá romhainn.

(c) Éist le hAoife Ní Chonchúir ag déanamh cur síos ar an árasán a bhfuil sí ina cónaí ann i mBaile Átha Cliath agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt. Ansin cuir na freagraí i gcomparáid leis an duine in aice leat.



- An maith le hAoife a bheith ina cónaí i lár na cathrach?
- Cén cineál áiseanna atá sa cheantar?
- Cad eile a deir Aoife faoin cheantar?

Breac síos na haidiachtaí ar fad a chuala tú agus Aoife ag caint. ______________________________
______________________________

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 1.10 Do cheantar féin

Beidh tú féin agus na daoine eile i do ghrúpa ag caint faoi na háiteanna a bhfuil sibh in bhur gcónaí iontu. Caith tamall leat féin ag smaoineamh ar rudaí le rá faoi do cheantar féin ar dtús. Breac síos focal ar bith eile cosúil leis na focail atá sna scamaill. Féach ar an chomhrá samplach chomh maith le cuidiú leat. Nuair a bheidh sibh réidh chun cainte, bainigí úsáid as na ceisteanna i lár na bileoige.

Tá áiseanna den scoth ann!

Is breá liom é.
Tá sé go breá.
Tá sé áisiúil.

- Déan cur síos ar do cheantar.
- An bhfuil áiseanna maithe ann?
- An dtaitníonn an ceantar leat?



Salach
Torannach/glórach
Garbh

Tá gá le páirc.
Tá ionad spóirt ag teastáil.

**Comhrá Samplach**

- Cén áit a bhfuil tú i do chónaí?
- Tá mé i mo chónaí i Ros Coill.
- Cá bhfuil sé sin go díreach?
- Tá sé fiche nóiméad ó Leitir Ceanainn.
- An bhfuil áiseanna ar bith sa cheantar?
- Tá, tá siopa beag ann agus teach tábhairne.
- Sin an méid! An dtaitníonn an ceantar leat?
- Taitníonn. Taitníonn sé go mór liom. Tá sé díreach in aice leis an fharraige agus is breá liom é sin.

© Ollscoil Mhá Nuad